

Coláistí Samhraidh

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi cad atá i ndán do choláistí samhraidh i nGaeltachtaí na tíre i mbliana.



Féach ar an mír den chéad uair agus líon na bearnaí sa script.

Siún Nic Gearailt

Níl a fhios ag coláistí samhraidh ná ag mná tí go fóill an mbeidh coláistí samhraidh na bliana seo ag dul chun cinn. Tá Roinn na Gaeltachta ag obair ar _____ maidir le COVID-19, in iarracht na cúrsaí a reáchtáil i mbliana, ach tá mná tí ag iarraidh _____ ón Roinn faoina gcuid pleananna.

Sinéad Ní Neachtain

Freastalaíonn thart ar 26,000 scoláire ar choláistí samhraidh sna _____ gach uile bhliain. Gnó a chuireann airgead i bpócaí na gcoláistí agus an seacht gcéad teaghlach a chuireann lóistín ar fáil. Ach leis an ngéarchéim COVID-19, cuireadh cúrsaí ar ceal do 2020. D'íoc Roinn na Gaeltachta _____ luach 4.7 milliún euro leis na coláistí agus na mná tí.

Ach ó tharla go bhfuil an tír seo fós i g_____ na paidéime, tá gach uile _____ nach mbeidh cúrsaí á reáchtáil mar is gnáth an samhraidh seo. Ó thaobh na Roinne de, tá treoirínte speisialta COVID-19 á réiteach ag comhairleoirí sláinte chun cuidiú le lucht na gcoláistí ach seans gur líon níos lú daltaí a bheidh ceadaithe ar chúrsaí.

Máire Ní Óbain, Bean tí

Teastaíonn soiléiriú ó na mná tí ón Roinn, céard atá le tarlú. I dtús báire an bhfuil siad le teacht? Má thagann siad, an mbeidh _____ ar an líon atá ceadaithe isteach sna tithe lóistín? Má tá laghdú, déarfadh mé ó dó dhéag síos go hochtar, an mbeidh airgead breise le híoc leis na mná tí don laghdú sin? An mbeidh an vacsaín le tógáil ag na mná tí? Cinnte, beidh siad ag iarraidh í a fháil ach an mbeidh orthu ... go mbeidh sí tógtha acu? Agus freisin, an mbeidh ar na scoláirí atá ag teacht anuas go dtí ceantar na Gaeltachta, an mbeidh orthusan an vacsaín a bheith tógtha acu.

Jack Chambers TD, Aire Stáit na Gaeltachta

Beidh treoirínte nua ullmhaithe roimh dheireadh na míosa agus beidh mé _____ leis na mná tí agus CONCAS chun réiteach a phlé. Beidh ciste 4.7 milliún euro ar fáil chun réiteach a phleanáil freisin.

Sinéad Ní Neachtain

Cé go bhfuil daoine ag clárú do chúrsaí 2021 ó Mheán Fómhair seo caite, tá lucht na gcoláistí samhraidh ag fanacht ar chomhairle ón Roinn. Tá ráite ag coláistí Gaeilge le Nuacht inniu go gcaithfear breathnú amach do na coláistí Gaeilge le go dtiocfaidh siad slán. Deir coláiste amháin nach bhfuil aon rogha acu ach _____ a thógáil ó thuismitheoirí, má tá gnó na gcoláistí Gaeilge le leanúint ar aghaidh. Meastar gur fiú 50 milliún euro _____ na gcoláistí samhraidh do cheantair Ghaeltachta ar fud na tíre.

Pléigh an stór focal leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc arís agus cum ceisteanna le cur ar an duine in aice leat fúithi. Mar shampla:

1. An mbeidh na coláistí samhraidh oscailte an samhradh seo?

Ceist 3 Saoirse an tsamhraidh

Féach siar ar an tuairisc arís agus tabhair aird ar leith ar na radhairc de dhaoine óga ag baint taitnimh as an saol. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus freagraí na ceisteanna:

1. Déanaigí cur síos ar na radhairc sin.
2. Déanaigí liosta de na mothúcháin ar fad a thagann chun cinn agus sibh ag féachaint ar na radhairc.
3. Conas a bheadh athrú ar an scéal i gcomhthéacs COVID-19?

Ceist 4 ‘...tá treoirínte speisialta COVID-19 a réiteach ag comhairleoirí sláinte...’

1. An féidir leat an síneadh fada a mhíniú sa sampla thuas? Éist leis an gcuid sin den mhír arís le feiceáil an gcabhróidh an comhthéacs leat.
2. Féach ar na samplaí seo thíos anois agus cuir an fhoirm cheart den bhriathar (idir lúibíní) sna spásanna:
 - Bhí na ceapairí á (ith) _____ ag na fir nuair a shiúil mo dhuine isteach.
 - Tá na madraí á (cuir) _____ amach aige.
 - Tá an corp á (tóraigh) _____ i Séipéal na Carraige inniu.
 - Is mór an trua nach bhfuil an t-úrscéal sin á (déan) _____ againn don Ardeistiméireacht.
 - Tá an topaic á (pléigh) _____ faoi láthair.

Ceist 5 Is minic a mheashtar na focail seo. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

tionscal
tionscadal
tionscnamh

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Ar fhreastail tú riamh ar choláiste Gaeilge nó aon scoil samhraidh? Conas mar a bhí sé?
2. Cad iad na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le coláistí samhraidh, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Féach an script. Tarraing aird na bhfoghlaimoírí ar chúis an tséimhithe freisin nuair is gá.

guidelines – *treoirlínte*

clarification – *soiléiriú*

Gaeltacht regions – *ceantair Ghaeltachta*

compensation – *cúiteamh*

centre – *ceartlár*

likelihood/probability – *cosúlacht*

decrease – *laghdú*

in contact with – *i dteagmháil le*

deposit – *éarlais*

tionscal – *industry*

Ceist 2

1. An mbeidh na coláistí samhraidh oscailte an samhradh seo? Cén fáth?
2. Cad iad na treoirlínte a bhfuil Roinn na Gaeltachta ag obair orthu?
3. Cé mhéad scoláire a fhreastalaíonn ar choláistí Gaeilge gach bliain?
4. Cé a ghnóthaíonn airgead as na scoláirí seo?
5. Cén fáth ar íoc Roinn na Gaeltachta €4.7 milliún leis na coláistí agus leis na mná tí?
6. Cad a bhí le rá ag Máire Ní Óbain?
7. Cé hé Aire Stáit na Gaeltachta agus cad a dúirt sé sa mhír?
8. Cén teachtaireacht a thug cúpla coláiste samhraidh do Nuacht faoin scéal?
9. Cén fáth a nglacann coláistí áirithe le héarlaisí?
10. Conas a chuidíonn na coláistí Gaeilge leis na Gaeltachtaí?

Ceist 3

1. *Déanaigí cur síos ar na radhairc sin.*

-Tá daoine óga amuigh faoin aer ag imirt cluichí éagsúla – cispheil, peil, leadóg agus mar sin de.

-Feictear daoine óga ag baint sult as an trá. Tá siad ag imirt cluichí arís, ag crochadh thart agus ina suí ar an ngaineamh. Tá an ghaineamh chomh bán agus an fharraige chomh gorm go bhfuil cuma andúchasach ar na radhairc.

-I radharc amháin, tá seisiún ceoil ar siúl.

2. *Déanaigí liosta de na mothúcháin ar fad a thagann chun cinn agus sibh ag féachaint ar na radhairc.*

Saoirse, áthas, grá, éadroime, suairceas, aeracht, sonas agus araile.

3. Conas a bheadh athrú ar an scéal i gcomhthéacs COVID-19?

-Ní bheadh an oiread céanna daoine ann ag aon am amháin.

-Bheadh spás idir na ceoltóirí agus iad ag seinm.

-Ní bheadh cead cluiche ar nós cispheile a imirt.

-Bheadh maisc á gcaitheamh.

Ceist 4

1. Tá dhá chiall ag baint le ‘á + ainm briathartha’:
 - a. Úsáidtear é mar nach féidir forainm a chur tar éis ainm briathartha sa Ghaeilge. i. ní féidir ‘ag déanamh + é’ a rá sa Ghaeilge, mar sin is é ‘á dhéanamh’ an Ghaeilge atá ar ‘doing it’.

- b. Úsáidtear an struchtúr seo freisin mar fhaí chéasta (*passive voice*). Mar shampla, 'Tá sé á dhéanamh (aige)' = *It is being done (by him)*.

Is é an dara struchtúr seo atá i gceist sa sampla 'tá treoirínite á réiteach' (*guidelines are being prepared*) atá le fáil sa mhír nuachta seo.

2. Tá na rialacha a bhaineann le 'á' cosúil leis na rialacha a bhaineann leis an aidiacht shealbhach sa chaoi is go gcuirtear séimhiú nó urú ar an ainm briathartha, ag brath ar inscne agus uimhir an ainmfhocail a thagann roimhe. Mar shampla:

lón (firinscneach, uimhir uatha) á dhéanamh,
caint (baininscneach, uimhir uatha) á déanamh,
scrúduithe (uimhir iolra) á ndéanamh.

Bhí na ceapairí á **n-ithe** ag na fir nuair a shiúil mo dhuine isteach.

Tá na madraí á **gcur** amach aige.

Tá an corp á **thórramh** i Séipéal na Carraige inniu.

Is mór an trua nach bhfuil an t-úrscéal sin á **dhéanamh** againn don Ardeistiméireacht.

Tá an topaic á **plé** faoi láthair.

Ceist 5

tionscal – industry

tionscadal – project

tionscnamh – initiative

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Níl a fhios ag coláistí samhraidh ná ag mná tí go fóill an mbeidh coláistí samhraidh na bliana seo ag dul chun cinn. Tá Roinn na Gaeltachta¹ ag obair ar threoirínte maidir le COVID-19, in iarracht na cúrsaí a reáchtáil i mbliana, ach tá mná tí ag iarraidh soiléiriú ón Roinn faoina gcuid pleananna.

Sinéad Ní Neachtain

Freastalaíonn thart ar 26,000 scoláire ar choláistí samhraidh sna ceantair Ghaeltachta gach uile bhliain. Gnó a chuireann airgead i bpócaí na gcoláistí agus an seacht gcéad teaghlach a chuireann lóistín ar fáil. Ach leis an ngéarchéim COVID-19, cuireadh cúrsaí ar ceal do 2020. D'íoc Roinn na Gaeltachta cúiteamh luach 4.7 milliún euro leis na coláistí agus na mná tí.

Ach ó tharla go bhfuil an tír seo fós i gceartlár na paidéime, tá gach uile chosúlacht nach mbeidh cúrsaí á reáchtáil mar is gnáth an samhradh seo. Ó thaobh na Roinne de, tá treoirínte speisialta COVID-19 á réiteach ag comhairleoirí sláinte chun cuidiú le lucht na gcoláistí ach seans gur líon níos lú daltaí a bheidh ceadaithe ar chúrsaí.

Máire Ní Óbain, Bean tí

Teastaíonn soiléiriú ó na mná tí ón Roinn, céard atá le tarlú. I dtús báire an bhfuil siad le teacht? Má thagann siad, an mbeidh laghdú ar an líon atá ceadaithe isteach sna tithe lóistín? Má tá laghdú, déarfaidh mé ó dó dhéag síos go hochtar, an mbeidh airgead breise le híoc leis na mná tí don laghdú sin? An mbeidh an vacsaín le tógáil ag na mná tí? Cinnte, beidh siad ag iarraidh í a fháil ach an mbeidh orthu ... go mbeidh sí tógtha acu? Agus freisin, an mbeidh ar na scoláirí atá ag teacht anuas go dtí ceantar na Gaeltachta, an mbeidh orthusan an vacsaín a bheith tógtha acu.

Jack Chambers TD, Aire Stáit na Gaeltachta

Beidh treoirínte nua ullmhaithe roimh dheireadh na míosa agus beidh mé i dteagmháil leis na mná tí agus CONCAS chun réiteach a phlé. Beidh ciste 4.7 milliún euro ar fáil chun réiteach a phleanáil freisin.

Sinéad Ní Neachtain

Cé go bhfuil daoine ag clárú do chúrsaí 2021 ó Mheán Fómhair seo caite, tá lucht na gcoláistí samhraidh ag fanacht ar chomhairle ón Roinn. Tá ráite ag coláistí Gaeilge le Nuacht inniu go gcaithfear breathnú amach do na coláistí Gaeilge le go dtiocfaidh siad slán. Deir coláiste amháin nach bhfuil aon rogha acu ach éarlais a thógáil ó thuismitheoirí, má tá gnó na gcoláistí Gaeilge le leanúint ar aghaidh. Meastar gur fiú 50 milliún euro tionscal na gcoláistí samhraidh do cheantair Ghaeltachta ar fud na tíre.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4.

¹ Roinn na Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an teideal oifigiúil